


# Cosc ar na meáin shóisialta do leanaí



Eochairfhocail: réamhthoradh, an Coimisiún Eorpach, dlíthe, andúil, na meáin shóisialta

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht, labhairt


**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

- 1.Cén eagraíocht a d'eisigh réamhthoradh i gcoinne Meta an tseachtain seo?
- 2.Cad é an rud nach bhfuil á dhéanamh ag Meta, dar leis an gCoimisiún Eorpach?
- 3.Cén t-ábhar mór inní atá go mór i mbéal an phobail faoi láthair?
- 4.Cad is féidir le daoine óga faoi bhun trí bliana déag d'aois a dhéanamh ar shlí ró-éasca, dar leis an gCoimisiún Eorpach?
- 5.Breac síos cúis amháin a luann Andy Caomhánach a ndéanann na meáin shóisialta an-dochar do dhaoine óga?
- 6.Cad is gá a ghearradh ar na comhlachtaí seo nach gcloíonn le dlíthe an Aontais Eorpaigh, dar le hAndy Caomhánach?
- 7.Cad a líomhnaítear atá á chothú d'aon ghnó ag táirgí de chuid Meta?
- 8.Cén saghas aip ón Aontas Eorpach a cheaptar a thiocfaidh amach i mbliana?
- 9.Cén saghas dlíthe atá curtha i bhfeidhm ag tíortha áirithe san Aontas Eorpach le déanaí?
10. An gceapann tú gur rudaí dearfacha nó diúltacha iad na meáin shóisialta? Cén fáth?



## Idirghníomhaíocht Labhartha

**Ag obair le do pháirtí ranga léadh duine amháin sliocht a haon amach a fhad is a bhreacann an duine eile síos an méid a chloiseann sé/sí.**  
**Babhtálaigí ról ansin do Shliocht a dó.**




### Sliocht a hAon

Tá na meáin shóisialta tar éis teacht ar an bhfód diaidh ar ndiaidh le hos cionn deich mbliana anois. Tá tionchar an-mhór anois acu ar shaol daoine óga ar fud na cruinne. Is beag déagóir anois, i dtíortha an Aontais Eorpaigh ach go háirithe, nach bhfuil guthán cliste dá gcuid féin acu agus mar sin bheadh teacht acu ar na meáin shóisialta de ló is d’óiche. Tá an-chuid daoine, idir thuismitheoirí, mhúinteoirí agus shaineolaithe teicneolaíochta, ag éirí buartha faoin tionchar diúltach is féidir leis na meáin shóisialta a bheith ar inchinn an déagóra óig, inchinn atá fós í fás agus ag forbairt. Tá na daoine seo ag iarraidh dlíthe a chur i bhfeidhm a chosnódh déagóirí an lae inniu agus déagóirí na nglún atá le teacht.

### Sliocht a Dó

Is í an cheist ná cén fáth a bhfuil an-chuid daoine fásta ag éirí buartha faoi na meáin shóisialta? Cúis mhór inní amháin atá ann i measc thuismitheoirí ná an tsíor-scrolláil a bhíonn ar siúl ag daoine óga, agus ag daoine fásta chomh maith, ar na meáin shóisialta. Is minic a théann daoine óga ar na suímh seo gan sprioc ar leith acu ach ar mhaithe le bheith ag scrolláil. Feictear do thuismitheoirí nach bhfuil fiúntas ar bith ag baint leis an tsíor-scrolláil seo, go deimhin, déanann sé dochar d’inchinn an duine óig, dar leo. Tá an-chuid saineolaithe den tuairim nach féidir le daoine óga díriú ar feadh i bhfad ar aon ní anois, a bhuí leis na tréithe andúile atá sna meáin shóisialta. Is cúis mhór inní í seo, gan dabht.



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Ag obair arís le do pháirtí ranga scríobhaigí amach liosta de na buntáistí agus de na míbhuntáistí a bhaineann leis na meáin shóisialta. Is leor 8 gcinn an taobh.



### Buntáistí

---

---

---

---

---

---

---

---

### Míbhuntáistí

---

---

---

---

---


---

---

---



## Freagraí



1. An Coimisiún Eorpach
2. Níl go leor á dhéanamh acu chun cosc a chur ar leanaí faoi 13 bliana de bheith ag úsáid Instagram agus Facebook
3. An méid ama atá á chaitheamh ag daoine óga ar líne/os comhair scáileáin
4. Cuntais a chruthú ar Facebook agus ar Instagram
5. Níl tús, lár nó deireadh leis na meáin shóisialta/ níl an féinsmacht ag daoine óga an uirlis a mhúchadh
6. Fíneáil cheart
7. Tréithe andúile i bpáistí
8. Aip fíorú aoise
9. Dlíthe a chuireann cosc ar dhaoine óga fáil a bheith acu ar na meáin shóisialta

